Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Report to Arts, Culture, Leisure and Recreation SPC
21st February 2022
Item No. 12

Miontuairiscí - 5ú Samhain 2021

Miontuairiscí den chruinniú – Dé hAoine, 5ú Samhain 2021, 2.30pm ar Zoom

I Láthair: Ray Yeates, An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), An Comhairleoir Deirdre Heney, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh, An Comhairleoir Naoise Ó Muirí

Leithscéalta:

Ag glacadh na miontuariscí : Catherine Neville

Clár Oibre

1. MIONTUARAISCÍ
2. NITHE A BHAINEANN LEIS NA MIONTUARAISCÍ
3. BÁC LE GAEILGE (JULIAN)
4. LÁ MÓR NA GAEILGE (RAY)
5. SUIRBHÉ (ORLA)
6. AON GNÓ EILE

1 & 2. Bhí na Miontuariscí agus an clár glacaithe.

3. Tuairisc ar BAC le Gaeilge

Thug Julian de Spáinn an t-eolas is déanaí ar BAC le Gaeilge. Fuair sé dea-scéala ó'n Roinn agus tá an maoiniú ceadaithe. Tá obair le déanamh againn chun cáipéisí agus an foirm a chur isteach go dtí an Roinn. Beidh beirt le fostú chun obair ar an tionscadal agus tá próiséas earcaíocht le déanamh anois. Tá gá le ionadaíocht ón gComhairle Cathrach ar an bpainéal agallaimh. Bhí plé ginearálta faoin ionadaíocht ón gComhairle Cathrach ar an choiste comhordaithe le ionadaíocht chun bheith socraithe chomh luath is féidir. Dúirt Julian go mbeidh seoladh le déanamh leis an Roinn agus leis an gComhairle agus bheadh an t-Aire ag an seoladh seo.

4. Lá Mór na Gaeilge

Thug Ray Yeates tuairisc ar an Lá Mór na Gaeilge. Gheall an Príomhfheidhmeannach buiséad don ócáid seo. Tagann Lá Mór na Gaeilge faoi scath Conradh na Gaeilge freisin agus beidh comhoibriú idir an Comhairle Cathrach agus BAC le Gaeilge. Tá Julian agus Ray ag cur le chéile grúpa oibre chun eachtraí a eagrú. Bhí plé faoin clár lá Mór na Gaeilge ar an chéad bhlian agus an méid eachtraí ag tharlú. Dúirt an Cathaoirleach go mba chóir dúinn an méid is mó is féidir linn a dhéanamh chun tús maith a dhéanamh agus chun an

phobal a bheith páirteach sna h-eachtraí. Mhol Julian go mba chóir grúpa oibre a chur le cheile mar níl a lán ama chun clár na himeachtaí a chur i bhfeidhm.

5. Suirbhé

Thug Orla tuairisc ar an dréacht suirbhé a bhí curtha le céile aice agus a scaipeadh ar an gcoiste níos luaithe sa mhí. Fuair sí roinnt eolais agus moltaí ó Gallaimh le Gaeilge , ó Donncha Ó Cathasaigh agus ó Mary McSweeney (Your Dublin Your Voice) roimh di an dréacht a chur le chéile . Tá sé i gceist leas a bhaint as an gcoras atá in úsáid ag an gComhairle le *Your City Your Voice* chun an suirbhé a scaipeadh. Bhí plé ansin ar conas is fearr Gaeilgeoirí na Cathrach a chur san áireamh sa chóras suirbhé sin agus aontaíodh go mba chóir an suirbhé a scaipeadh comh forleathan agus is féidir. Tá Orla le cruinniú a eagrú le Mary McSweeney le tuileadh comhairle a fháil. Cuir sí fáilte roimh aon tuairimí nó ais eolais ón gcoiste maidir leis an suirbhé.

6. Aon Ghnó eile – ní raibh aon ghnó eile.